Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8368/25**

**PUBLIC 30**
**INF 78**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE – AIBREÁN 2025 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha[1] a ghlac an Chomhairle i mí Aibreán 2025.[2][3]

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha reachtacha agus neamhreachtacha, lena n-áirítear:

- dáta an ghlactha,
- an seisiún den Chomhairle a bhí i gceist,
- an uimhir a bhí ar an doiciméad a glacadh,
- an tagairt san Iris Oifigiúil,
- tagairt do mhiontuairiscí sheisiún na Comhairle ag ar glacadh an gníomh.

[1] Ionas gur furasta tagairt dóibh, luaitear freisin na 'gearrtheidil', mar a luaitear iad i gcláir oibre na Comhairle (féach i gcló iodálach).

[2] Seachas gníomhartha áirithe a bhfuil raon feidhme teoranta acu, mar shampla cinntí nós imeachta, ceapacháin, cinntí buiséadacha sonracha, etc. mura nglacfar iad trí nós imeachta i scríbhinn.

[3] I gcás gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach, d'fhéadfadh difríocht a bheith idir an dáta a reáchtáiltear an cruinniú den Chomhairle ag a nglactar an gníomh reachtach agus dáta an ghnímh féin, ós rud é nach meastar gur glactha atá na gníomhartha reachtacha arna nglacadh faoin ngnáthnós imeachta reachtach go dtí go mbeidh siad sínithe ag Uachtarán na Comhairle, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaithe an dá institiúid.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag:
Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle – Consilium

Na doiciméid a liostaítear san achoimre seo, féadfar iad a fháil ón gclár poiblí de dhoiciméid na Comhairle ag: Doiciméid agus foilseacháin – Consilium.

Mura bhfuil teacht ar dhoiciméid, is féidir iarraidh ar rochtain orthu a dhéanamh ag:
https://www.consilium.europa.eu/ga/documents/public-register/request-document-form/

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil – is iad miontuairiscí na Comhairle amháin atá barántúil. Tá siad sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle ag: Miontuairiscí na Comhairle – Consilium

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ AIBREÁIN 2025 | |
|---|---|
| **An 4091ú Cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eachtracha/Trádáil) a tionóladh i Lucsamburg an 7 Aibreán 2025** (Miontuairiscí: 7849/25 + ADD 1) | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le fórsaí armtha na Moldóive*<br>Cinneadh (CBES) 2025/697 ón gComhairle an 7 Aibreán 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive<br>IO L, 2025/697, 8.4.2025 | 6614/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine*<br>Cinneadh (CBES) 2025/700 ón gComhairle an 7 Aibreán 2025 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine<br>IO L, 2025/700, 8.4.2025 | 7409/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/701 ón gComhairle an 7 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2025/395 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine<br>IO L, 2025/701, 8.4.2025 | 7411/25 |
| **An 4092ú cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Gnóthaí Eachtracha) a tionóladh i Lucsamburg an 14 Aibreán 2025 (Miontuairiscí: 8010/25 + ADD 1)** | |
| GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas agus Singeapór*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór | 5853/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas agus an Singeapór*<br>Cinneadh (AE) 2025/798 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór<br>IO L, 2025/798, 25.4.2025 | 5852/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EUBAM Rafah)*<br>Cinneadh (CBES) 2025/773 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah)<br>IO L, 2025/773, 15.4.2025 | 7058/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle chun tacú le Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le toirmeasc ar úsáid, stoc- charnadh, táirgeadh agus aistriú mianach frithphearsanra agus maidir lena ndíothú*<br>Cinneadh (CBES) 2025/781 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 chun tacú le Plean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor le haghaidh chur chun feidhme Choinbhinsiún 1997 maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú<br>IO L, 2025/781, 15.4.2025 | 7098/25 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2025/774 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2025/774, 14.4.2025 | 6824/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/776 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2025/776, 14.4.2025 | 6826/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata*<br>Cinneadh (CBES) 2025/779 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata<br>IO L, 2025/779, 15.4.2025 | 7484/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú idir Ceanada agus an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir Ceanada agus an tAontas i ndáil le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí a aistriú agus a phróiseáil | 8897/24 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis an gcomhar breithiúnach le Eurojust*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla | 13622/24 |
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear an Iodáil le síneadh a chur le maolú ar an treoir maidir le cánachas fuinnimh*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/816 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena n-údaraítear an Iodáil rátaí laghdaithe cánachais a chur i bhfeidhm, i limistéir gheografacha chinntithe, maidir le gás-ola agus gás peitriliam leachtaithe arna n-úsáid chun críocha téimh<br>IO L, 2025/816, 29.4.2025 | 7282/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena n-údaraítear an tSlóvaic le maolú CBL a thabhairt isteach*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/852 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena n-údaraítear an tSlóvaic beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha<br>IO L, 2025/852, 5.5.2025 | 7285/25 |
| *Téarnamh eacnamaíoch san Eoraip: Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg | 7450/25 +<br>ADD 1 |
| *Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 04/c/01/25*<br>Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas daingniúcháin Uimh. 04/c/01/25 | 7063/25 +<br>ADD 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú amháin nó níos mó leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin maidir le bearta éigeandála sláinte*<br>Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú amháin nó níos mó le Ríocht na hIorua, Poblacht na hÍoslainne agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le bearta éigeandála sláinte i réimse na bhfrithbheart leighis | 7330/25 +<br>ADD 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh an Gníomh um Chibear- Athléimneacht a chur le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor*<br>Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le cinneadh a ghlacadh lena gcuirtear gníomh nuaghlactha de chuid an Aontais le hIarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor | 6960/25 +<br>ADD 1 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas a mhéid a bhaineann leis an dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(5)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an dara seisiún den Údarás Maoirseachta arna bhunú de bhun Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Nithe a bhaineann go sonrach le Cúrsaí Rothstoc Iarnróid | 7415/25 +<br>ADD 1 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas ag COP 12 de Choinbhinsiún Rotterdam a mhéid a bhaineann le leasuithe ar an gCoinbhinsiún sin agus ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis, agus ar Rialacha Nós Imeachta Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún*<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an nós imeachta um thoiliú feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin ghuaiseacha agus lotnaidicídí áirithe sa trádáil idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar an gCoinbhinsiún sin agus ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis, agus ar na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún sin | 7106/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh ón Aontas ag COP 17 de Choinbhinsiún Basel i ndáil le leasuithe áirithe ar Airteagail agus Iarscríbhinní sa Choinbhinsiún sin*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 17ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt i ndáil le leasuithe áirithe ar an gCoinbhinsiún agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis | 7112/25 |
| GNÍOMHARTHA REACHTACHA | |
| GNÍOMH | DOICIMÉAD |
| *Cinneadh maidir le cúnamh macrairgeadais a chur ar fáil don Iordáin*<br>Cinneadh (AE) 2025/793 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais do Ríocht Haisimíteach na hIordáine<br>IO L, 2025/793, 22.4.2025 | PE 2/1/25 REV 1 |
| *Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá*<br>Rialachán (AE) 2025/783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/196 maidir le dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá<br>IO L, 2025/783, 22.4.2025 | PE 3/1/25 REV 1 |

| | |
|---|---|
| *Treoir lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí*<br>Treoir (AE) 2025/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm<br>(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>IO L, 2025/794, 16.4.2025 | PE 6/1/25 REV 1 |
| *Treoir maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC9)*<br>Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais | 6963/25 |
| **Nósanna imeachta i scríbhinn** | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 4 Aibreán 2025** | **2036/25** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin*<br>Cinneadh (CBES) 2025/690 ón gComhairle an 4 Aibreán 2025 lena leasaítear Cinneadh 2011/235/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2025/690, 7.4.2025 | 6997/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/689 ón gComhairle an 4 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin<br>IO L, 2025/689, 7.4.2025 | 7000/25 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 22 Aibreán 2025** | **CM 2461/1/25** |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais Eorpaigh*<br>Cinneadh (AE) 2025/803 an 22 Aibreán 2025 ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais Eorpaigh<br>IO L, 2025/803, 24.4.2025 | 7653/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement*<br>Cinneadh (AE) 2025/805 an 22 Aibreán 2025 ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement<br>IO L, 2025/805, 24.4.2025 | 7649/25 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 23 Aibreán 2025** | **2437/25** |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive le trealamh míleata atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh*<br>Cinneadh (CBES) 2025/809 ón gComhairle an 23 Aibreán 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht na Moldóive le trealamh míleata atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh<br>IO L, 2025/809, 24.4.2025 | 6923/25 |

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 23 Aibreán 2025** | **2497/25** |
| *Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar shíneadh a chur le díolúintí sonracha agus na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú*<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar shíneadh a chur le díolúintí sonracha agus na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú | 7111/1/25 REV 1 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 25 Aibreán 2025** | **2243/25** |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú*<br>Cinneadh (CBES) 2025/824 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/891 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO L, 2025/824, 28.4.2025 | 6093/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/817 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO L, 2025/817, 28.4.2025 | 6095/25 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/891 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/824 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/817 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú<br>IO C, C/2025/2488, 28.4.2025 | 6096/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma*<br>Cinneadh (CBES) 2025/820 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO L, 2025/820, 28.4.2025 | 7363/25 |
| *Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma*<br>Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/822 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO L, 2025/822, 28.4.2025 | 7364/25 |
| Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/820 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/822 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma<br>IO C, C/2025/2482, 28.4.2025 | 7365/25 |
| *Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia*<br>Cinneadh (CBES) 2025/814 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia<br>IO L, 2025/814, 28.4.2025 | 6812/25 |
| Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia<br>Rialachán (AE) 2025/813 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia<br>IO L, 2025/813, 28.4.2025 | 6815/25 |

| | |
|---|---|
| *Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le hArm Phoblacht na Macadóine Thuaidh*<br>Cinneadh (CBES) 2025/823 ón gComhairle an 25 Aibreán 2025 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le hArm Phoblacht na Macadóine Thuaidh<br>IO L, 2025/823, 28.4.2025 | 6868/25 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 25 Aibreán 2025** | **2466/25** |
| Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach | 7375/25 |
| Rialachán ón gComhairle maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach | 7387/25 |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 28 Aibreán 2025** | **2460/25** |
| Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir le leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus le riarachán poiblí an Aontais | 7294/25 |
| Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac maidir leis na leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le *non-refoulement* | 7295/25 |